AN COIMISIÚN EORPACH

# COSAINT DO SHONRAÍ PEARSANTA

**Sa ráiteas príobháideachais seo tugtar faisnéis faoin gcaoi a ndéantar do shonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint.**

**An oibríocht phróiseála: Bunachar sonraí DORIE** (doiciméid a bhaineann le saincheisteanna institiúideacha)

**Rialaitheoir Sonraí:** SG.H.3

**Tagairt taifid:** DPR-EC-00843

**Clár Ábhar**


1. **Réamhrá**
2. **Cén fáth agus cén chaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?**
3. **Cad iad na forais dhlíthiúla ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?**
4. **Cé na sonraí pearsanta a bhailímid agus a ndéanaimid tuilleadh próiseála orthu?**
5. **Cá fhad a choinneoimid do shonraí pearsanta?**
6. **Cén chaoi a ndéanfaimid do shonraí pearsanta a chosaint agus a choimeád slán?**
7. **Cé aige a bhfuil rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtar iad?**
8. **Cé na cearta atá agat agus cén chaoi a bhfeidhmítear iad?**
9. **Sonraí teagmhála**
10. **Cá háit a bhfuil faisnéis níos mionsonraithe le fáil?**

## 1. Réamhrá

Tá an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún' anseo feasta) tiomanta do do shonraí pearsanta a chosaint agus do phríobháideachas a urramú. Déanann an Coimisiún sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001).

Sa ráiteas príobháideachais seo, mínítear an fáth a bpróiseálaimid do chuid sonraí pearsanta, an chaoi a ndéanaimid na sonraí pearsanta ar fad a thugtar dúinn a bhailiú, a láimhseáil agus an chaoi a ndéanfaimid cosaint na sonraí sin a chinntiú, an chaoi a n-úsáidtear an t-eolas sin, agus na cearta atá agat maidir le do shonraí pearsanta. Tugtar ann freisin sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí atá freagrach agus lenar féidir leat do chearta a fheidhmiú, sonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí agus an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

Baineann an ráiteas príobháideachais seo leis an oibríocht phróiseála '*bunachar sonraí DORIE* (doiciméid a bhaineann le saincheisteanna institiúideacha)' a dhéanann Ardrúnaíocht an Choimisiúin Eorpaigh, aonad SG.F.4 'Gnóthaí Institiúideacha' ('an Rialaitheoir Sonraí' anseo feasta) mar atá anseo thíos.

## 2. Cén fáth agus cén chaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

Cuspóir na hoibríochta próiseála: Is bunachar sonraí ar líne é DORIE ina bhfuil bailiúchán doiciméad a bhaineann le saincheisteanna institiúideacha agus lena dtugtar rochtain ar na doiciméid sin do dhaoine ón bpobal a bhfuil suim acu iontu. Déantar sonraí pearsanta a phróiseáil ar DORIE chun na gcríoch seo a leanas: (1) fíordheimhniúchán úsáideoirí a bhainistiú agus feidhmiúlachtaí leathnaithe úsáideora a oibriú, cuir i gcás socruithe pearsanta (sainroghanna) le haghaidh na n-úsáideoirí sin a logálann isteach in DOIRE, agus (2) freagra a thabhairt ar cheisteanna a chuirtear isteach tríd an bhfoirm theagmhála ar líne atá ar DORIE.

(1) Tá saor-rochtain ar DOIRE tríd an suíomh gréasáin Europa. Tá an rogha ag saoránaigh logáil isteach in DORIE trí mhodhanna slána fíordheimhniúcháin agus cuntas úsáideora a chruthú chun leas a bhaint as feidhmiúlachtaí leathnaithe úsáideora (ar nós torthaí a shábháil, liosta de thorthaí sábháilte a chruthú) agus roghanna pearsanta a shocrú (ar nós teanga bhrabhsála). Déantar sonraí pearsanta na n-úsáideoirí a logálann isteach a phróiseáil chun gur féidir leis an gCoimisiún fíordheimhniúcháin úsáideoirí a bhainistiú agus feidhmiúlachtaí leathnaithe úsáideora a oibriú dóibh, cuir i gcás socruithe pearsanta (sainroghanna).

(2) Tá foirm theagmhála ar líne ag DORIE (foirm atá inrochtana ón leathanach baile trí tháb tiomnaithe) lenar féidir le saoránaigh ceisteanna a chur maidir leis an mbunachar sonraí DORIE. Déantar próiseáil i ndáil leis an bhfoirm theagmhála chun na húsáideoirí a líonann isteach an fhoirm theagmhála atá ag DORIE mar aon lena n-eagraíocht (má roghnaíonn siad an eagraíocht lena mbaineann siad a chur in iúl) a shainaithint, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a bheith in ann freagra a thabhairt ar do chuid ceisteanna maidir leis an mbunachar sonraí DORIE;
- freagraí iolracha a sheachaint;
- faireachán níos fearr a dhéanamh maidir le cé hiad na daoine a úsáideann an bunachar sonraí DORIE agus cén cuspóir a bhíonn acu;
- tuiscint níos fearr a fháil ar na nithe a bhfuil spéis ar leith ag na húsáideoirí iontu agus/nó ar na saincheisteanna agus na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu agus an bunachar sonraí á úsáid acu.

Oibrítear DORIE ar thairseach Oifig na bhFoilseachán (chun tuilleadh sonraí a fháil féach taifead DPR-EC-00449 - Suíomh gréasáin Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (tairseach OP)). Ní úsáidfear do shonraí pearsanta le haghaidh cinnteoireacht uathoibrithe, an próifíliú san áireamh.

## 3. Cad iad na forais dhlíthiúla ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil

Déanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó le linn feidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don institiúid de chuid an Aontais nó don chomhlacht de chuid an Aontais:

> Rochtain phoiblí ar dhoiciméid na n-institiúidí, bunaítear í le hAirteagal 15 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus sonraítear í a thuilleadh faoi Rialachán Uimh. 1049/2001, agus go háirithe Airteagal 11 de (clár poiblí a sholáthar). Féadfaidh úsáideoirí ceisteanna a chur faoin mbunachar sonraí DORIE tríd an bhfoirm ar líne atá ag DORIE (bailiúchán doiciméad a bhaineann le saincheisteanna institiúideacha) agus cuidíonn na freagraí ar na ceisteanna sin le tuiscint níos fearr ar fheidhmiú an bhunachair sonraí DORIE agus ar an gcaoi a n-úsáidtear é.

(d) tá sé bunaithe ar do thoiliú, is é sin toiliú chun do shonraí pearsanta a phróiseáil:

> Sa mhéid go logálann úsáideoirí isteach in DORIE agus go gcruthaíonn siad cuntas úsáideora agus/nó go soláthraíonn siad sonraí pearsanta neamhéigeantacha (tír, eagraíocht, sonraí pearsanta arna gcur ar fáil go huathoibríoch san iarraidh), tá próiseáil na sonraí sin bunaithe ar thoiliú an úsáideora i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(d) de Rialachán 2018/1725.

## 4. Cé na sonraí pearsanta a bhailímid agus a ndéanaimid tuilleadh próiseála orthu?

Chun an oibríocht phróiseála sin a dhéanamh, bailíonn an Rialaitheoir Sonraí na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

**Logáil isteach agus Cuntas úsáideora**

Ní féidir logáil isteach in DORIE ach trí EUlogin. Cumhdaítear an oibríocht phróiseála sin leis an taifead próiseála DPR-EC-03187 - Seirbhísí Bainistithe Céannachta agus Rochtana (IAMS). Ceadaigh an taifead sin chun na cineálacha sonraí a phróiseáiltear le haghaidh bainistiú céannachta agus rochtana a sheiceáil. Níl sé éigeantach logáil isteach sa chóras agus is féidir le húsáideoirí a roghnú an bunachar sonraí a cheadú mar úsáideoir poiblí neamhaitheanta. Is é an buntáiste a bhaineann le logáil isteach rochtain a fháil ar roinnt feidhmiúlachtaí úsáideora leathnaithe (ar nós torthaí a shábháil agus liosta a chruthú le torthaí sábháilte), cuir i gcás an fhéidearthacht roinnt sainroghanna pearsanta a shocrú (e.g. teanga bhrabhsála a shocrú).

Agus an chéad logáil isteach á dhéanamh aige ar DORIE, iarrtar ar gach úsáideoir nua an ráiteas príobháideachais reatha a léamh agus a dheimhniú go gcomhaontaíonn sé (‘toiliú’) le próiseáil a chuid sonraí mar a thuairiscítear ann; gan an toiliú sin ní féidir leis an úsáideoir rochtain a fháil ar an gcóras ach amháin i mód neamh-logáilte isteach. Má thugann an t-úsáideoir a thoiliú, cruthaítear rannán ‘Mo Chuntas/Mo Phróifíl’ ina gcláraítear dáta an toilithe do gach úsáideoir agus inar féidir leis an úsáideoir rochtain a fháil ar na feidhmiúlachtaí a thuairiscítear sa mhír roimhe seo. Is féidir leis an úsáideoir a Chuntas/Próifíl a scriosadh tráth ar bith.

Déantar na sonraí pearsanta seo a leanas a phróiseáil i ndáil le cuntas an úsáideora: ainm nó cuntas

úsáideora, seoladh ríomhphoist, socruithe pearsanta (e.g. teanga bhrabhsála, etc), dáta an toilithe.

**Foirm theagmhála ar líne**

Agus an fhoirm á líonadh isteach, ní mór don úsáideoir na sonraí seo a leanas a chur ar fáil:

- Éigeantach agus an fhoirm ar líne á líonadh isteach:

- Sloinne
- Céadainm
- Seoladh ríomhphoist

- Roghnach agus an fhoirm ar líne á líonadh isteach:

- Eagraíocht
- Tír

Féadfaidh sonraí pearsanta a sholáthraíonn an t-iarratasóir go deonach a bheith i dtéacs na hiarrata. Ní mór sloinne, ainm agus seoladh ríomhphoist a sholáthar chun an fhoirm theagmhála a líonadh isteach. Ina éagmais sin, ní féidir an iarraidh a sheoladh agus, dá bhrí sin, ní féidir aon fhreagra a thabhairt.

5. **Cá fhad a choinneoimid do shonraí pearsanta?**

Coinnítear na sonraí pearsanta a bhaineann le cuntas an úsáideora i mbunachar sonraí inmheánach thairseach Oifig na bhFoilseachán fad is atá an t-úsáideoir gníomhach. Is féidir leis an úsáideoir a Chuntas/Próifíl a scriosadh tráth ar bith. Coinnítear sonraí pearsanta a bhaineann le Bainistiú Céannachta agus Rochtana i gcomhréir leis an taifead DPR-EC-03187 - Seirbhís Bainistithe Céannachta agus Rochtana (IAMS).

Na sonraí a líonann na húsáideoirí isteach san fhoirm ar líne, tagann siad isteach trí ríomhphost chuig bosca ríomhphoist feidhmiúil an Rialaitheora Sonraí agus ansin cláraítear iad i gcóras inmheánach bainistithe doiciméad an Choimisiúin. Ní shábháiltear an fhoirm ar líne i mbunachar sonraí inmheánach an chórais. Ní choinníonn an Rialaitheoir Sonraí do shonraí pearsanta ach amháin chomh fada agus is gá chun cuspóir na hoibríochta próiseála a chomhlíonadh, is é sin, a fhad atá gá le bearta leantacha ar an gceist a cuireadh isteach tríd an bhfoirm ar líne.

Déantar na ríomhphoist a stóráiltear sa bhosca ríomhphoist feidhmiúil a scriosadh go huathoibríoch tar éis 6 mhí, i gcomhréir leis an mbeartas coinneála a bhfuil cur síos air sa taifead próiseála DPR-EC-03610 (‘Córas ríomhphoist an Choimisiúin’).

Na sonraí pearsanta a phróiseáiltear i ndáil le hiarrataí a dhéantar tríd an bhfoirm theagmhála i gcóras inmheánach bainistithe doiciméad an Choimisiúin, coinnítear iad ar feadh 2 bhliain, i gcomhréir leis an taifead próiseála DPR-EC-00536 (‘Bainistiú dhoiciméid an Choimisiúin agus caomhnú (gearrthéarmach agus meántéarmach) na ndoiciméad sin’) agus leis na rialacha coinneála is infheidhme a leagtar amach i Liosta Coiteann Coinneála an Choimisiúin.

6. **Cén chaoi a ndéanfaimid do shonraí pearsanta a chosaint agus a choimeád slán?**

Is ar fhreastalaithe an Choimisiúin Eorpaigh nó ar fhreastalaithe a chonraitheora nó a chonraitheoirí a stóráiltear na sonraí pearsanta uile atá i bhformáid leictreonach (ríomhphoist, doiciméid, bunachair sonraí, baisceanna sonraí uaslódáilte, etc.). Déantar na hoibríochtaí próiseála go léir de bhun Chinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le

sláńdáil córas cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach.

Chun do shonraí pearsanta a chosaint, tá roinnt bearta teicniúla agus eagraíochtúla curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún. Ar na bearta teicniúla sin, tá gníomhaíochtaí iomchuí chun dul i ngleic le slándáil ar líne, leis an riosca go gcaillfí sonraí, go ndéanfaí sonraí a athrú nó go bhfaighfí rochtain neamhúdaraithe orthu, i bhfianaise an riosca atá i gceist leis an bpróiseáil agus i bhfianaise na gcineálacha sonraí pearsanta atá á bpróiseáil. Ar na bearta eagraíochtúla, tá rochtain ar na sonraí pearsanta a theorannú do dhaoine údaraithe amháin a bhfuil gá dlisteanach acu leo chun críocha na hoibríochta próiseála seo.

Tá próiseálaithe (conraitheoirí) an Choimisiúin faoi cheangal clásal conarthach sonrach maidir le haon oibríocht phróiseála a dhéantar ar do shonraí pearsanta thar ceann an Choimisiúin. Ní mór do na próiseálaithe bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur i bhfeidhm chun an leibhéal slándála a éilíonn an Coimisiún a áirithiú.

## 7. Cé aige a bhfuil rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtar iad?

Oibrítear DORIE ar thairseach Oifig na bhFoilseachán atá á cothabháil ag an gCoimisiún Eorpach. Tugtar rochtain ar do shonraí pearsanta d’fhostaithe an Choimisiúin atá freagrach as an oibríocht phróiseála sin a fheidhmiú agus do na baill foirne atá údaraithe de réir an phrionsabail ‘ar bhonn riachtanais eolais’. Tá ceangal ar na baill foirne sin cloí le comhaontuithe dlíthiúla rúndachta, agus nuair is gá, le comhaontuithe rúndachta breise.

Tá Tairseach Oifig na bhFoilseachán á hóstáil ar Microsoft Azure Cloud san Aontas Eorpach. Baineann Oifig na bhFoilseachán úsáid as na conraitheoirí (próiseálaithe) seachtracha seo a leanas chun an tairseach a oibriú:

- SOFTWARE IMAGINATION & VISION S.R.L. Victoria Park Complex, Building C4, 2nd floor 73-81 Bucuresti-Ploiesti Drive, District 1 013685 Bucarest, an Rómáin
- ARHS Spikeseed S.A. B198451 13, Boulevard du Jazz L-4370 Belvaux, Lucsamburg
- Tremend Software Consulting S.R.L. Suite 2, Block 8-B, Entrance 1, 7th Floor, Apt. 32, 83 Cluj Street, District 1 013685 Bucarest, an Rómáin

Seachas do na próiseálaithe údaraithe a luaitear thuas (agus a bhfophróiseálaithe féideartha), an t-eolas a bhailímid, ní thabharfar é d’aon tríú páirtí, seachas a mhéid is gá má éilítear sin de réir dlí agus chun an cuspóir sin a chomhlíonadh.

**Fianáin**

Is éard atá i bhfianáin comhaid ghearra téacs a stórálann suíomh gréasáin ar ghaireas an úsáideora (amhail ríomhaire, táibléad nó guthán). Úsáidtear fianáin le haghaidh feidhmíocht theicniúil suímh gréasáin (fianáin fheidhmiúla) nó chun staitisticí a bhailiú (fianáin anailíseacha).

Tá an leathanach gréasáin DORIE ar fáil ar shuíomh gréasáin de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, suíomh gréasáin ar a n-úsáidtear fianáin. Cumhdófar na fianáin a mbainfidh an Coimisiún úsáid astu ar ghaireas an chláraí chun na críche sin le beartas fianáin an Choimisiúin, atá le fáil anseo: https://ec.europa.eu/info/cookies_ga.

Nuair a théann tú chuig suíomh nó suíomhanna gréasáin DORIE, coinneoimid an tuairisc ó do bhrabhsálaí ar feadh 13 mhí ar a mhéad. Scriosfar an t-eolas sin ina dhiaidh sin. Déantar na hoibríochtaí bailiúcháin, na hoibríochtaí comhiomlánaithe agus na hoibríochtaí chun sonraí a chur i ndíth in ionad sonraí an Choimisiúin Eorpaigh faoi bhearta slándála leordhóthanacha.

Is é Europa Analytics a stórálann na fianáin, is é sin an tseirbhís chorparáideach a mheasann éifeachtacht agus éifeachtúlacht shuíomhanna gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ar EUROPA. Tá breis eolais le fáil ar https://european-union.europa.eu/europa-analytics_ga. Níl sé iomlán riachtanach na fianáin sin a chumasú ionas go n-oibreoidh an suíomh gréasáin ach beidh eispéireas brabhsála níos fearr agat dá bharr. Is féidir leat na fianáin sin a scriosadh nó a bhlocáil, ach má dhéanann tú sin b'fhéidir nach mbeadh roinnt gnéithe ar an suíomh gréasáin ag obair mar ba cheart.

Ní bhaintear leas as an eolas a bhaineann le fianáin chun ábhair sonraí a aithint go pearsanta agus tá na sonraí patrúin go hiomlán faoi rialú an Choimisiúin. Ní bhaintear aon úsáid eile as na fianáin sin seachas an úsáid a bhfuil cur síos déanta uirthi anseo.

## 8. <u>Cé na cearta atá agat agus cén chaoi a bhfeidhmítear iad?</u>

Tá cearta sonracha agat i do cháil mar 'ábhar sonraí' faoi Chaibidil III (Airteagail 14-25) de Rialachán (AE) 2018/1725, go háirithe an ceart chun rochtain a bheith agat ar do shonraí pearsanta agus iad a cheartú i gcás ina bhfuil do shonraí pearsanta míchruinn nó neamhiomlán. Faoi choinníollacha áirithe, tá sé de cheart agat do shonraí pearsanta a scriosadh, srian a chur lena bpróiseáil agus agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála agus tá an ceart agat chun iniomparthachta sonraí.

Maidir le próiseáil do shonraí pearsanta, ar próiseáil í a dhéantar go dlíthiúil de bhun Airteagal 5(1)(a), tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála sin ar fhoras a bhaineann go sonrach le do chás féin

Sa mhéid gur thoiligh tú le próiseáil sonraí pearsanta trí logáil isteach in DOIRE agus trí chuntas úsáideora agus/nó sonraí pearsanta roghnacha a sholáthar mar a mhínítear faoi cheannteideal 4 thuas, is féidir leat an toiliú sin a tharraingt siar am ar bith ach é sin a chur in iúl don Rialaitheoir Sonraí. Ní dhéanfaidh an tarraingt siar difear do dhlíthiúlacht na próiseála a rinneadh sular tharraing tú siar an toiliú.

Is féidir leat do chearta a fheidhmiú trí theagmháil a dhéanamh leis an Rialaitheoir Sonraí, nó, i gcás coinbhleachta, leis an Oifigeach Cosanta Sonraí. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freisin, más gá. Tá a chuid sonraí teagmhála le fáil faoi Cheannteideal 9 thíos.

I gcás inar mian leat do chearta a fheidhmiú i gcomhthéacs oibríochta próiseála ar leith amháin nó níos mó, déan cur síos orthu (i.e. a dTagairtí taifid mar atá sonraithe faoi Cheannteideal 10 thíos) i d'iarratas.

Láimhseálfar aon iarraidh ar rochtain ar shonraí pearsanta laistigh de mhí amháin. Iarraidh d'aon sórt eile a luaitear thuas, is laistigh de 15 lá oibre a dhéileálfar léi.

## 9. <u>Sonraí teagmhála</u>

### - An Rialaitheoir Sonraí

Más mian leat do chearta a fheidhmiú faoi Rialachán (AE) 2018/1725, nó má tá tuairimí, ceisteanna nó ábhair imní agat, nó más mian leat gearán a dhéanamh faoi bhailiú agus úsáid do shonraí pearsanta, déan teagmháil leis an Rialaitheoir Sonraí, SG-UNITE-F-4@ec.europa.eu

### - Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) an Choimisiúin

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí (DATA-PROTECTION-OFFICER@ec.europa.eu) maidir le ceisteanna a bhaineann le próiseáil do chuid sonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2018/1725.

- **An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS)**

Tá sé de cheart agat dul ar iontaoibh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (i.e. gearán a dhéanamh leis) (edps@edps.europa.eu) má mheasann tú gur sáraíodh do chearta faoi Rialachán (AE) 2018/1725 mar thoradh ar phróiseáil do shonraí pearsanta ag an Rialaitheoir Sonraí.

## 10. Cá háit a bhfuil faisnéis níos mionsonraithe le fáil?

Foilsíonn Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) an Choimisiúin clár na n-oibríochtaí próiseála uile ar shonraí pearsanta atá déanta ag an gCoimisiún, oibríochtaí atá doiciméadaithe agus curtha in iúl di. Tá an clár le fáil ag an nasc seo a leanas: http://ec.europa.eu/dpo-register.

Cuireadh an oibríocht phróiseála shonrach sin le clár poiblí an Oifigigh Cosanta Sonraí agus an Tagairt taifid seo a leanas ag gabháil léi: DPR-EC-00843.